

## FORÓGRA GIRONA AR CHEARTA TEANGA

Bailíonn PEN International scríbhneoirí an domhain le chéile. Dearbhaíonn an Forógra seo, a réitigh Coiste Idirnáisiúnta PEN um Aistriúchán agus Chearta Daonna i Girona (Bealtaine 2011) agus a faomhadh ag an 77ú Comhdháil (Meán Fómhair 2011) deich treoirphrionsabal lárnacha PEN International faoi chearta teanga.

1 Oidhreacht dhomhanda í éagsúlacht teanga ar chóir meas a bheith uirthi agus ar chóir a chosaint.

2 Tá meas ar gach teanga is ar gach cultúr bunúsach chun deachaidreamh agus an tsíocháin a chur is a choimeád faoi réim ar fud na cruinne.

3 Is i gcroílár an phobail a thugann beatha, teanga, cultúr agus féiniúlacht dóibh a fhoghlaimíonn daoine conas labhairt.

4 Ní modhanna cumarsáide amháin iad teangacha éagsúla agus modhanna difriúla cainte: is iad freisin an timpeallacht ina fhásann daoine agus ina dtógtar cultúir.

5 Tá se mar cheart ag gach pobal teanga go n úsáidfid a dteanga mar theanga oifigiúil ina ndúiche fhéin.

6 Ní mór do theagasc sna scoileanna cur le seasamh na teanga a labhraíonn an pobal teanga sa dúiche.

7 Tá sé inmholta go mbeadh eolas ginearálta ag saoránaigh ar theangacha éagsúla toisc go gcothaíonn sé comhbhá agus oscailteacht aigne agus go gcuireann sé le tuiscint an duine ar a theanga féin.

8 Gné an-tábhachtach é i gcothú chomhthuisceana agus measa i measc daoine is ea aistriú téacsanna, go háirithe mórshaothair ó chultúir éagsúla.

9 Callaire faoi phribhléid iad na meáin chun go n éireodh le héagsúlacht teanga agus chun meas uirthi a mhéadú go cumasach is go críochnúil.

10 Ní mór do na Náisiúin Aontaithe ceart an duine chun a theanga féin a úsáid is a chosaint a aithint mar cheann de na bunchearta daonna.